C/2026/1843

1.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1843)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Pacherenc du Vic-Bilh’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0593-AM05 — 8.1.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Pacherenc du Vic-Bilh’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **An tÚdarás náisiúnta atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Eagraíocht

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC ‘Pacherenc du Vic-Bilh’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis;

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla

Tuairisc

Tugadh na bardais sa limistéar geografach cothrom le dáta i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025. Ní athraíonn an leasú sin limistéar geografach an ainmniúcháin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

Cineálacha fíniúna: Athraíodh roinnt príomhchineálacha fíniúna go cineálacha tánaisteacha le haghaidh fíonta milse agus tirime. Is é Petit Manseng an t-aon phríomhchineál le haghaidh fíonta milse anois, agus tá na cineálacha eile ina gcineálacha tánaisteacha anois. I gcás na bhfíonta tirime, tá Courbu B ina chineál tánaisteach anois.

Rialacha maidir le cion plandaithe:

Scriosadh an fhoráil maidir le cion gach ceann de na príomhchineálacha, nár mhór a bheith níos lú ná nó cothrom le 80 % den mheascán cineálacha.

Níl feidhm ag na rialacha maidir le cion plandaithe maidir le saothraithe fíonchaor nach ndéanann fíon óna dtáirgeadh féin, a bhfuil a ngabháltas laistigh den limistéar ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint níos lú ná 1,5 ha agus a choinníonn cion den phríomhchineál fíniúna nó de na príomhchineálacha fíniúna níos mó ná 50 % den mheascán cineálacha nó cothrom leis.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tairseach le haghaidh limistéir neamhshaothraithe

Tuairisc

Méadaíodh céatadán na bhfíniúnacha marbha nó ar iarraidh ó 15 % go 20 %, mar gheall ar thionchar iosca ar fhíonchaora Cabernet agus chun coinníollacha táirgthe a chomhchuibhiú leis an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC Béarn (limistéir gheografacha fhorluiteacha).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cleachtais saothraithe eile

Tuairisc

Cuireadh trí fhoráil agra-chomhshaoil leis an tsonraíocht le haghaidh an ainmniúcháin. Is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an ainmniúcháin i bhfianaise an athraithe aeráide agus ionchais arda na sochaí. Tá na bearta sin mar chuid de chur chuige inbhuanaitheachta foriomlán arna ghlacadh ag táirgeoirí an ainmniúcháin.

— Toirmisctear srianadh ceimiceach fiailí ar chinnfhearainn.

— Toirmisctear srianadh ceimiceach fiaile iomlán a dhéanamh ar na dáileachtaí talún.

— Idir na sraitheanna, déantar fásra a tharlaíonn go nádúrtha agus/nó a phlandaítear a bhainistiú trí mhodhanna fisiceacha nó meicniúla.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Trealamh buainte agus fíonóireachta

Tuairisc

Baineadh an toirmeasc ar úsáid leantóirí coimeádán atá feistithe le caidéil eite agus an toirmeasc ar fháisceáin leanúnacha, ós rud é nach bhfuil trealamh den sórt sin ag aon oibreoir agus nár sainaithníodh aon easnamh maidir leis na forálacha sin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Buaint

Tuairisc

Is mian leis an ngrúpa táirgeoirí le haghaidh an ainmniúcháin an forógra buainte a bhaint chun bainistíocht riaracháin a shimpliú, agus seiceáil á coinneáil ar bun an tráth céanna ar aibíocht na bhfíonchaor.

Leasaíodh an fhoráil maidir le iliomad pasanna chun a shoiléiriú nach mór do na fíonta, cé is moite díobh siúd ar a bhfuil an téarma 'tirim', teacht ó fhíonchaora a bhuaintear de láimh, agus nach mór an cineál Petit Manseng a bhuaint in iliomad pasanna. A bhuí lena chraiceann tiubh agus lena thriopaill scaoilte, is é Petit Manseng an t-aon chineál atá oiriúnach lena bhuaint go déanach agus lenar féidir fíorfhorbairt aramatach a dhéanamh (torthaí criostalaithe).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Táirgeachtaí - An chéad táirgeadh

Tuairisc

Méadaíodh táirgeacht na bhfíonta geala tirime ó 60 hL/ha go 66 hL/ha. Le meántáirgeacht 44.2 hL/ha thar 5 bliana, is é is aidhm don bheart seo táirgeadh a chobhsú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Próiseáil, táirgeadh, aibiú, pacáistiú, stóráil

Tuairisc

Chun na críche céanna sin, i gcás fíonta milse agus tirime araon, ní mór cion an phríomhchineáil/na bpríomhchineálacha fíniúna a bheith níos mó ná 60 % den chumasc nó cothrom leis. I gcomhréir le baint na teorann 80 % ar phríomhchineálacha sa mheascán cineálacha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fíniúnacha a chuirtear ar léibhinn

Tuairisc

I gcás fíniúnacha a chuirtear ar léibhinn, sonraíodh dáta na plandála ionas go gcomhfhreagraíonn sé do dháta foilsithe na foraithne lena bhformheastar an fhoráil sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Toilleadh fíonlainne

Tuairisc

Chun cleachtais a chomhchuibhiú agus seiceálacha a shimpliú, molann grúpa táirgeoirí an ainmniúcháin an acmhainneacht fíonlainne a ríomh ar bhonn buaint aonair trí chomhéifeacht 1,5 a chur i bhfeidhm chun réamhaíocht optamach ar ghuaiseacha aeráide a áirithiú. Cuirtear an modh áirimh nua sin in ionad an mhodha áirimh sin atá bunaithe ar dhá oiread mheán na 3 bliana fíona deireanacha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Forálacha maidir le pacáistiú

Tuairisc

Ní mór an anailís a dhéanamh anois roimh phacáistiú chun comhréireacht baisceanna réamhtheachtacha a áirithiú. Thairis sin, ní mór tuarascálacha anailíse a choinneáil anois ar feadh 24 mhí seachas 6 mhí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Forálacha maidir le cúrsaíocht táirgí agus cur ar an margadh don tomhaltóir

Tuairisc

Tugadh ar aghaidh cur ar an margadh fíonta geala tirime le forálacha Airteagal D. 645-17 den Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascach Muirí go dtí an 15 Nollaig in ionad an 1 Eanáir ina dhiaidh sin, agus baineadh an ceanglas maidir le haibiú go dtí an dáta sin freisin.

Míreanna na sonraíochta táirge a bhaineann leis an táirge a chur ar fáil de réir cineáil agus na forálacha maidir le cúrsaíocht táirgí agus iad a chur ar an margadh don tomhaltóir, leasaíodh iad dá réir sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Bearta idirthréimhseacha

Tuairisc

Ós rud é go bhfuil an beart idirthréimhseach maidir leis an limistéar dáileachta talún críochaithe dulta in éag, scriosadh ón tsonraíocht é.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Plean ginearálta na háite ina stóráiltear fíonta

Tuairisc

Bogadh an oibleagáid plean ginearálta a tharraingt suas maidir leis an áit ina stóráiltear fíonta chuig an roinn maidir le coimeád taifead, chun inrianaitheacht a choinneáil ar bun i gcás seiceálacha.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais maidir le dearbhú

Tuairisc

Scriosadh athnuachan intuigthe an réamhdhearbhaithe maidir le sannadh dáileachtaí talún, ós rud é go bhfuil riosca earráide nó easnaimh ag baint le hathruithe bliantúla ar dháileachtaí talún.

Níl aon tionchar oibríochtúil ag an athrú sin, ós rud é nach n-úsáideann aon oibreoir an rogha sin faoi láthair.

Ceanglaítear an dearbhú pacáistíochta anois ar lá na hoibríochta pacáistíochta ar a dhéanaí. Thairis sin, scriosadh an díolúine dá bhforáiltear d'oibreoirí a dhéanann níos mó ná 12 oibríocht pacáistíochta.

Is é is aidhm do na forbairtí sin feabhas a chur ar chruinneas na dtoirteanna tuairiscithe agus oibleagáidí idir oibreoirí a chomhchuibhiú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de la qualité et de l'origine*, an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta) cothrom le dáta.

Leasaíodh na socruithe maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Na príomhphointí le haghaidh modhanna seiceála agus meastóireachta

Tuairisc

Tugtar an chuid seo ar ais i gcomhréir leis an gcuid eile de na leasuithe ar an roinn 'Modh táirgthe'.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nasc leis an limistéar geografach

Tuairisc

Scriosadh an abairt maidir le rannchuidiú an aibithe ón roinn 'Nasc leis an limistéar geografach'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha na bhfíonta

'Pacherenc du Vic-Bilh'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0593-AM05 — 8.1.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Pacherenc du Vic-Bilh'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Fíonta socra geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Úsáidtear an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Pacherenc du Vic-Bilh' go heisiach le haghaidh fíonta geala socra.

Dea-bholadh

Bíonn na fíonta tirime sin aramatach, bíonn dea-bholaithe torthaí bána agus coimhthíocha orthu de ghnáth nó bíonn dea-bholaithe bláthacha orthu.

Bíonn tiúchan siúcraí, dea-bholaithe agus aigéadachta sna fíonchaora. Is féidir fíonta geala milse a tháirgeadh ansin trí bhuaint i pasanna iomadúla. Bíonn siad breá cothrom, tathagach agus bíonn aigéadacht mhaith i gceist leo. Dea-bholaithe torthaíocha is mó a bhíonn orthu agus is féidir leo sin athrú le linn an aibithe go mionbholaithe atá níos milse, amhail mil.

Blas

Is comhartha sóirt den chothromaíocht é a n-aigéadacht agus a nádúr tathagach.

Forbraíonn an chastacht aramatach sin agus cothaítear í leis an íostréimhse aibithe dar críoch an 15 Márta den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	14
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomlán íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá méid siúcra choipthigh nach mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir sna fíonta geala tirime, agus neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte;. Tar éis saibhriú, ní bhíonn neart alcóil iarbhír de réir toirte na bhfíonta dearga níos mó ná 14 %.

Tá méid siúcra choipthigh 45 ghram in aghaidh an lítir ar a laghad sna fíonta geala ina bhfuil siúcraí coiptheacha. Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 14,5 %

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 18,5

Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtais fhíoneolaíocha

Saibhriú

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc:

Ceadaítear saibhriú mar a leagtar amach i sonraíocht an táirge.

Cleachtais fhíoneolaíocha

Rialú teochta le linn na fíonóireachta

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc:

Maidir le táirgeadh fíonta tirime, tá úsáid modhanna rialaithe teochta sainordaitheach le linn na fíonóireachta.

Cleachtais fhíoneolaíocha

Dlús plandaithe

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

An modh saothraithe

Tuairisc:

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Ní mór nach mó ná 2,50 méadar an spásáil idir na sraitheanna fíniúnacha. Ní mó 0,80 méadar a laghad a bheith sa spásáil idir plandaí in aon sraith amháin. Níl feidhm ag na forálacha sin maidir le dáileachtaí talún fíonghoirt a chuirtear ar léibhinn. Ciallaíonn dáileacht talún fíonghoirt faoi léibhinn dáileacht talún ag a bhfuil tírdhreachú sonrach, a bunaíodh sular cuireadh an fhíniúin, a raibh gá léi mar gheall ar an bhfána a bhí ann cheana. Fágann an tírdhreachú faoi léibhinn sin nach mbíonn feidhm ag na gnáthrialacha maidir le dlús plandaithe agus nach féidir buainteoirí meicnithe a úsáid idir na leibhéil éagsúla. Maidir le fíniúnacha a chuirtear ar léibhinn, níor cheart an fad idir fíniúnacha sa tsraith chéanna a bheith níos lú ná 0,80 méadar.

Cleachtais fhíoneolaíocha

Prúnáil

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

An modh saothraithe

Tuairisc:

Treoraítear na fíniúnacha trí úsáid a bhaint as prúnáil spoir (cordon de Royat), nó prúnáil Guyot shingil nó dhúbailte, leis an ualach bachlóg uasta seo a leanas i gceist in aghaidh an phlanda: 15 i gcás prúnáil spoir (prúnáil Royat) agus prúnáil Guyot shingil, – 20 i gcás prúnáil Guyot dhúbailte. Tá an líon craobhacha ar a bhfuil torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda tar éis bláthaithe (céim fáis fheineolaíoch Lorenz 23) níos lú ná nó cothrom le: – 12 i gcás prúnáil spoir (prúnáil Royat) agus prúnáil Guyot shingil, – 12 i gcás prúnáil Guyot dhúbailte, i gcás chineál Gros Manseng B, – 16 i gcás prúnáil Guyot dhúbailte, i gcás na gcineálacha eile.

Cleachtais fhíoneolaíocha

Uisciú

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

An modh saothraithe

Tuairisc:

Féadfar uisciú a údarú.

Cleachtais fhíoneolaíocha

Buaint fíonchaor

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

An modh saothraithe

Tuairisc:

Cé is moite d'fhíonta ar a bhfuil an téarma 'tirim', déantar na fíonta as fíonchaora a bhuantar de láimh agus buantar cineál Petit Manseng in iliomad pasanna.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon/catagóir/cineál/cineál

Fíonta geala tirime

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	66
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon/catagóir/cineál/cineál

Fíonta geala ina bhfuil siúcraí iarmharacha

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	40
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Arrufiac B – Arrufiat

— Courbu B – Gros Courbu

— Gros Manseng B

— Petit Courbu B

— Petit Manseng B

— Sauvignon B – Sauvignon blanc

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach críochaithe**

1 *Limistéar geografach*

Baintear na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta sa limistéar geografach lena gcuimsítear, arb éard atá ann, ar dháta formheasa na sonraíochta seo ag an gcoiste náisiúnta inniúil, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Gers:

Bardais a áirítear ina n-iomláine: Maumusson-Laguian agus Viella.

Is iad a leanas na bardais a áirítear go pointe áirithe: Riscle (críoch bhardas tarmligthe Cannet amháin).

— Roinn Hautes-Pyrénées: Castelnau-Rivière-Basse, Hagedet, Lascazères, Madiran, Saint-Lanne agus Soublecause.

— Roinn Pyrénées-Atlantiques: Arricau-Bordes, Arrosès, Aubous, Aurions-Idernes, Aydie, Bétracq, Burosse-Mendousse, Cadillon, Castetpugon, Castillon (cantún Lembeye), Conchez-de-Béarn, Corbère-Abères, Crouseilles, Diusse, Escurès, Gayon, Lasserre, Lembeye, Mascaraàs-Haron, Moncaup, Moncla, Monpezat, Mont-Disse, Portet, Saint-Jean-Poudge, Séméacq-Blachon, Tadousse-Ussau agus Vialer.

2 *Limistéar dáileachta talún críochaithe*

Ní mór na fíonta a dhéanamh as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinnithe an choiste náisiúnta ábhartha an 6 Márta 1997, an 8 agus an 9 Samhain 2006, an 3 Bealtaine 2017 agus an 29 agus an 30 Meitheamh 2023.

Cuireann an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha dháileachtaí talún an limistéir táirgeachta arna bhformheas amhlaidh faoi bhráid hallaí baile na mbardas atá liostaithe i mír 1.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá an limistéar geografach suite ó dheas agus siar ó Abhainn Adour, i mbunchnoic theas na bPiréiní. Cumhdaítear leis cuid de chnoic ina gcuimsítear 37 mbardas i dtrí roinn. Is aeráid atá measartha aonchineálach, séimh agus measartha tais atá ar fud an limistéir ar fad. I ndeireadh an tsamhraidh agus san fhómhar, is minic a bhíonn gaoth aneas Foehn te tirim. Tá iomairí Madirannais comhdhéanta go bunúsach de mholás atá déanta den chuid is mó ó mharlaí agus roinnt bainc aolchloiche. Sil-leagadh créanna gairbhéalacha ar bharr na sil-leagan moláis sin, agus ina dhiaidh sin sil-leagadh ciseal glárach de phúróga, atá le fáil sa lá atá inniu ann ar an suíomh is airde. Creimeadh na foirmíochtaí seo le linn na tréimhse Ceathartha, rud a d'fhág gur cruthaíodh na cúig iomaire atá scartha ag gleannta neamhshiméadracha: nochtar an sil-leagan moláis mar bhainc chailcreacha anseo agus ansiúd ar na fánaí géara a bhfuil a n-aghaidh siar. Tá na fánaí réidhe a bhfuil a n-aghaidh soir clúdaithe le sioltaí gaothshéidte a meascadh le sil-leagain fholuiteacha. Tá dhá phríomhchineál sna hithreacha gaolmhara: ithreacha cré-aolchloiche agus ithreacha láiste. Taispeántar i gcartlann Phrióireacht Madiran go raibh fíonghoirt ar fud an limistéir gheografaigh sin go luath sa 13ú haois. Tagraítear sna cartlanna ón tréimhse sin do bhuaint in iliomad pasanna, rud a fhágann gur féidir fíonta milse agus fíonta tirime a tháirgeadh ar an dáileacht talún chéanna. I lár an 16ú haois, tosaíodh ar fhíonta geala milse nó tirime a onnmhairiú go dtí an Ísiltír. Díoladh iad den chuid is mó faoin ainm 'Vins du Vic-Bilh'. Bhí an téarma 'Pacherenc', a thagraíonn do threilísiú i sraitheanna, le feiceáil i ndeireadh an 19ú haois chun fíonta geala tirime nó milse a ainmniú ó réigiún Vic-Bilh. Tá cáil na bhfíonta geala Vic-Bilh, a tuilleadh ar dtús lasmuigh den Fhrainc, ag forbairt go réigiúnach anois. Aithníodh an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Pacherenc du Vic-Bilh' in 1948. Bhí na limistéir a ndearnadh maíomh ina leith an-bheag sna chéad bhlianta. Níor thosaigh siad ag fás go tapa go dtí na 1980í, ag baint amach thart ar 300 heicteár ó 2009. Tá an líon fíniúnacha fós comhdhéanta den chuid is mó de chineálacha ar ghnáthchineálacha d'abhantrach Adour iad (Petit Manseng B agus Gros Manseng B, Courbu B agus Petit Courbu B, Arrufiac B), nó de chineálacha réigiúnacha (Sauvignon B). Tá táirgeadh lonnaithe ansin mar gheall ar an timpeallacht fhisiciúil a chuidíonn leis an táirgeadh. Baineann limistéar na gcnoc sin leas as draenáil mhaith ithreach agus fánaí a chinntíonn rith chun srutha farasbarr uisce báistí, teocht ard agus neart gréine, nuair a bhíonn na fánaí dírithe go fabhrach. Leis an aeráid atá séimh agus réasúnta tirim san fhómhar, a bhuí go háirithe leis an ngaoth aneas, is féidir na fíonchaora a rísíniú agus a bheith ró-aibí i ndálaí sláintiúla. D'éascaigh bealach éasca cumarsáide (Gleann Adour) forbairt freisin. Líníonn limistéar na dáileachta talún na dáileachtaí talún ina ligtear do na fíonchaora aibiú agus b'fhéidir rísíniú i ndálaí sláintiúla. Sa tír-raon cnocach, leathchoillteach sin ina bhfuil réimse leathan treoshuíomh agus ithreacha, bíonn na fíniúnacha scaipthe go hiondúil, rud a chruthaíonn tírdhreach breacachana. Léiríonn rogha an líon fíniúnacha, ag claonadh i dtreo cineálacha déanacha a tháirgeann fíonta a bhfuil cion alcóil ard acu, na cineálacha táirgí atá á lorg agus an aeráid áitiúil araon. A bhuí lena gcraiceann tiubh, ní nós go dtagann múscán liath ar na cineálacha agus tá siad athléimneach go maith in aeráidí réasúnta tais, rud a fhágann gur féidir iad a ró-aibiú agus a rísíniú. Mar gheall ar theicníc na buainte in iliomad pasanna is féidir cáilíocht na buainte a bharrfheabhsú de réir mar a théann rísíniú agus ró-aibiú na bhfíonchaor ar aghaidh, chun fíonta geala tirime, bríomhara agus fíonta geala milse a dhéanamh ina bhfuil neart siúcraí coiptheacha agus dea-bholaithe. Déanann táirgeoirí fíonta geala tirime trí na fíonchaora a bhaint ag pointe an aibithe. Bíonn na fíonta sin aramatach, bíonn dea-bholaithe torthaí

bána agus coimhthíocha orthu de ghnáth nó bíonn dea-bholaithe bláthacha orthu. Is comhartha sóirt den chothromaíocht é a n-aigéadacht agus a nádúr tathagach. San fhómhar, leanann an t-aibiú ar aghaidh, agus tagann ró-aibiú chun solais trí rísíniú. Bíonn tiúchan siúcraí, dea-bholaithe agus aigéadachta sna fíonchaora. Is féidir fíonta geala milse a tháirgeadh ansin trí bhuaint i pasanna iomadúla. Bíonn siad breá cothrom, tathagach agus bíonn aigéadacht mhaith i gceist leo. Dea-bholaithe torthaíocha is mó a bhíonn orthu agus is féidir leo sin athrú le linn an aibithe go mionbholaithe atá níos milse, amhail mil. Forbraíonn an chastacht aramatach sin agus cothaítear í leis an íostréimhse aibithe dar críoch an 15 Márta den bhliain i ndiaidh bhliain na buainte, a léirítear sa tsonraíocht, agus le meas ar shaineolas an táirgeora.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú: 'Iad triomaithe'

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais/maolaithe breise

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Ní mór an téarma 'tirim' a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin le haghaidh fíonta a chomhlíonann na coinníollacha a bheidh le lipéadú mar fhíonta den sórt sin, mar a léirítear sa roinn 'Tuairisc'. Cuirtear an téarma 'tirim' go díreach tar éis ainm an ainmniúcháin tionscnaimh.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú: aonad geografach níos lú agus aonad geografach níos mó

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais/maolaithe breise

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Féadfaidh ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith ar lipéid fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, ar choinníoll: – gur ainm áite is ea é atá liostaithe i gclárlann na talún; – go mbíonn an t-ainm le feiceáil ar an dearbhú buainte. Is féidir an t-aonad geografach níos leithne 'Sud-Ouest' a shonrú ar lipéid fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán sin.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais/maolaithe breise

Maoluithe a bhaineann le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Is éard atá sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag an maolú maidir le táirgeadh, forbairt agus aosú na bhfíonta, críoch na mbardas seo a leanas de Roinn Gers: Labarthète, Riscle agus Saint-Mont.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-f98a4f82-b5de-47fc-92b6-afed6141e44e